www.xtrapapers.com

Sonraíocht Nua

Rewarding Learning

| Uimhir Lárionaid | |
|---|---|
| 71 | |

| Uimhir Iarrthóra |
|---|
| |

General Certificate of Secondary Education
2011

# Teicneolaíocht agus Dearadh

## Aonad 1: Teicneolaíocht agus Dearadh: Croí-aonad

**[GTD11]**

GTD11

**DÉ CÉADAOIN 25 BEALTAINE, IARNÓIN**

**AM**

1 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** den **aon** cheist **déag**.
Tá foirmlí ar fáil ar **leathanach** 3 lena n-úsáid leis an pháipéar seo

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 90 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceist **11**.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist

| Don Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| Marc Iomlán | |

www.xtrapapers.com

**TABHAIR FAOI DEARA:**
Tá foirmlí ar fáil ar **leathanach 3**
lena n-úsáid leis an pháipéar seo.

Cuirtear tús le ceisteanna ar **leathanach 4.**

www.xtrapapers.com

## Foirmlí Teicneolaíocht agus Dearadh GCSE

**Ba chóir duit, san áit ar cuí sin, na foirmlí thíos a úsáid agus tú ag freagairt ceisteanna a bhfuil áirimh iontu.**

**1** Tá Difríocht Poitéinsil = sruth × friotaíocht ($V = I \times R$)

**2** Faoi choinne roinnteoir poitéinsil

$$V_2 = \frac{R_2}{R_1 + R_2} \times V_T$$




**3** Sraithfhriotóirí $R_T = R_1 + R_2 + R_3$ *srl*

Friotóirí Comhthreomhara $\frac{1}{R_T} = \frac{1}{R_1} + \frac{1}{R_2}$ nó $R_T = \frac{R_1 \times R_2}{R_1 + R_2}$

**4** Tá Cóimheas giaranna giarshraithe simplí $= \dfrac{\text{an líon fiacla ar an ghiar tiomáinte}}{\text{an líon fiacla ar an ghiar tiomána}}$

Faoi choinne giarshraith iolrach:
Tá Cóimheas iomlán giaranna = iolrach chóimheasa giaranna na bhfochóras uile,
sin le rá $GR_T = GR_1 \times GR_2 \times GR_3 \ldots$

**5** Tá Buntáiste Meicniúil $= \dfrac{\textit{Ualach}}{\textit{Iarracht}}$

**6** Tá Cóimheas Treoluais $= \dfrac{\textit{Fad bogtha ag iarracht}}{\textit{Fad bogtha ag ualach}}$

**7** Neomataic
Tá Fórsa = Brú × Achar ($F = P \times A$)

**8** Tairiseach Ama
Tá $T = R \times C$

www.xtrapapers.com

1 Taispeánann **Tábla 1** siombailí difriúla. An chéad sraith mar threoir agat, comhlánaigh an tábla.

**Tábla 1**

| Sceitse den tSiombail | An cineál Siombaile | Ainm na Siombaile |
|---|---|---|
|  | Leictreonach | Bolgán |
| | | LED |
|  | | |
|  | | Inlasta |
|  | Ríomhrialú | |
|  | Leictreonach | |
|  | | |

[9]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**2** Taispeánann **Fíor 1** meaisín CNC (meaisín faoi ríomhrialú uimhriúil) den chineál a bhíonn i scoil. Bíonn meaisíní CNC go hiomlán iata murab ionann agus meaisíní láimhe a mbíonn an tasc céanna ar bun acu.




*© Boxford Ltd*

**Fíor 1**

**(a)** Liostaigh **3** ghné shábháilteachta a bhaineann le meaisín CNC.

Gné shábháilteachta 1:

______________________________

Gné shábháilteachta 2:

______________________________

Gné shábháilteachta 3:

______________________________ [3]

**(b)** Tá sábháilteacht ina buntáiste as táirgí a mhonarú le meaisín CNC seachas na táirgí céanna a mhonarú de lámh. Luaigh **dhá** bhuntáiste eile.

Buntáiste 1:

______________________________

______________________________

Buntáiste 2:

______________________________

______________________________ [4]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**3** Taispeánann **Fíor 2** ceam agus leantóir.




**Fíor 2**

**(i)** Roghnaigh focal ón liosta thíos le cur síos ar ghluaisne an leantóra.

**Frithingeach** **Líneach** **Rothlach** **Ascalach**

______________________________ [1]

**(ii)** Cén chomhpháirt a bhfuil gluaisne an aschuir á táirgeadh aici?

______________________________ [1]

**(iii)** Roghnaigh ó na focail thíos an cur síos ceart atá ar an cheam.

**Éalárnach** **Croíchruthach** **Piorrachruthach**

______________________________ [1]

**(iv)** Leanfaidh an ceam de bheith ag casadh go dtí go mbeidh pointe **A** i dteagmháil leis an leantóir.
Faigh an treo agus an fad a ghluaisfidh an leantóir.

______________________________

______________________________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |

4 Taispeánann **Fíor 3** coinneálaí plaisteach faoi choinne bileog i leabharlann. Tá scriúnna sna hionsánna leis an choinneálaí a cheangal de chlár fógraí adhmaid.




**Fíor 3**

**(i)** Luaigh gné **amháin** den tsonraíocht ba cheart a chur san áireamh agus an coinneálaí bileog á dhearadh.

______________________________ [1]

**(ii)** Luaigh ábhar plaisteach a bheadh fóirsteanach don choinneálaí agus luaigh fáth **amháin** le do rogha.

Ábhar ______________________________

Fáth ______________________________ [2]

**(iii)** **Cén trealamh** a bheadh in úsáid leis an ábhar a lúbadh sa chruth a thaispeántar in **Fíor 3**?

______________________________

______________________________ [2]

**(iv)** Luaigh fáth **amháin** le hionsánna a úsáid mar a thaispeántar in **Fíor 3**.

Fáth ______________________________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**5** **(a)** Taispeánann **Tábla 2** cúig shiombail faoi choinne ciorcad leictreonach. Ainmnigh na ceithre shiombail ciorcad leictreonach nach luaitear in **Tábla 2** thíos.

**Tábla 2**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
|  |  |  |  |  |
| BOLGÁN | | | | |

[4]

**(b)** Tá cuid de léaráid de chiorcad (**Fíor 4**) anseo thíos. Cuir **gach ceann** de na **cúig** shiombail a thaispeántar in **Tábla 2** isteach sa léaráid. Nuair a bheidh an léaráid comhlánaithe agat, ba cheart go lasfadh an bolgán nuair a athraíonn an teocht.




**Fíor 4**

[5]

www.xtrapapers.com

LEATHANACH BÁN

(Leantar leis na ceisteanna ar an chéad leathanach eile)

www.xtrapapers.com

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
| --- | --- |

6 **(a)** Is é atá in **Tábla 3** thíos ná na siombailí a bhaineann le modhanna éagsúla le comhlaí a oibriú.

**Tábla 3**

| Siombail | Ainm na siombaile |
| --- | --- |
|  | |
|  | |
|  | |
|  | |

Comhlánaigh **Tábla 3** trí ainm ceart gach siombaile a roghnú ó **Tábla 4** agus a scríobh isteach.

**Tábla 4**

| |
| --- |
| Suncaire |
| Truip rollóra |
| Luamhán |
| Brúchnaipe |

[4]

**(b)** Taispeánann **Fíor 5** cuid de chiorcad neomatach a úsáidtear le coscáin a chur i bhfeidhm ar roth.




**Fíor 5**

Comhlánaigh **Fíor 5** lena thaispeáint cad é mar is féidir na coscáin a chur i bhfeidhm. [3]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**7** Taispeánann **Fíor 6** léaráid de chomhpháirt mhiotail faoi choinne tionscadal scoile. Is as leathán práis dar doimhneacht 2 mm a dhéanfar an chomhpháirt.




**Fíor 6**

**(i)** An miotal feiriúil nó miotal neamhfheiriúil é prás?

______________________________ [1]

**(ii)** Cad chuige a bhfoirmítear cóimhiotail?

______________________________

______________________________ [2]

**(iii)** Leis an druileáil a éascú, bíonn uirlis in úsáid le lár an phoill sa chomhpháirt mhiotail a mharcáil ag foirceann **A**. Ainmnigh an uirlis.

______________________________ [2]

**(iv)** Luaigh bailchríoch a bheadh fóirsteanach don chomhpháirt mhiotail.

______________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**8** **(a)** Léaráidí de dhá bhunchiorcad atá in **Fíor 7** agus **Fíor 8** thíos.







*© Design & Technology by J Garrett, published by Cambridge University Press, 1994*

**Fíor 7** **Fíor 8**

**(i)** Cén bolgán ciorcaid, dar leat, a thabharfadh an breo is gile?

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Mínigh an freagra.

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**(b)** Is é atá in **Fíor 9** ná an leagan céanna den chiorcad atá in **Fíor 8** ach mionathruithe ann.




*© Design & Technology by J Garrett, published by Cambridge University Press, 1994*

**Fíor 9**

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(i)** Ainmnigh an chomhpháirt lipéadaithe **A** in **Fíor 9**.

Comhpháirt **A** ______________________________ [1]

**(ii)** Mínigh cad é mar a bhíonn an chomhpháirt seo ag feidhmiú sa chiorcad leictreonach seo.

______________________________

______________________________ [2]

**(iii)** Luaigh dóigh **amháin** ar féidir an ciorcad leictreonach seo a úsáid.

______________________________ [1]

**(iv)** Tarraing léaráid de chiorcad le haghaidh **Fíor 9** sa spás thíos. Cuir lipéad le gach siombail leictreonach a bheidh sa chiorcad.

[5]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**9 (a)** Taispeánann **Fíor 10** ceann róbait. Beidh dhá mhótar leictreonacha A agus B in úsáid le súile an róbait a rialú.

Nuair a chuireann dalta clúdach ar an bhraiteoir i srón an róbait, beidh an dá shúil ag rothlú deiseal ar feadh 4 shoicind. Stadfaidh an ríomhchlár ansin.




**Fíor 10**

Comhlánaigh an tsreabhchairt in **Fíor 11** leis an phróiseas a léiriú. [4]




**Fíor 11**

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Tá an ríomhchlár i gceist **9(a)** le hathrú sa dóigh go dtosóidh mótar A ag feidhmiú ar feadh 3 shoicind nuair a chuirfidh an dalta clúdach ar an bhraiteoir.

Ansin tosóidh mótar B ag feidhmiú agus déanfaidh an tsúil eile a rothlú ar feadh 3 shoicind. Stadfaidh an ríomhchlár ansin.

Comhlánaigh an tsreabhchairt in **Fíor 12** leis an phróiseas seo a léiriú. [7]




**Fíor 12**

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**10** **(a)** Taispeánann **Fíor 13** brac a mbeidh ciseán ar crochadh as.




**Fíor 13**

**(i)** Luaigh ábhar a bheadh fóirsteanach don bhrac.

______________________________________________ [1]

**(ii)** Luaigh bailchríoch a bheadh fóirsteanach don bhrac.

______________________________________________ [1]

**(iii)** Luaigh modh buan a bheadh fóírsteanach leis an dá pháirt a cheangal dá chéile ag **A**.

______________________________________________ [1]

**(iv)** Is féidir nach mbeidh modh leathbhuan fóirsteanach leis na páirteanna a cheangal dá chéile ag **A**. Luaigh fáth **amháin** le cad chuige.

______________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

**(b)** Taispeánann **Fíor 14** dearadh eile faoi choinne an bhraic.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |




**Fíor 14**

**(i)** Luaigh modh leathbhuan leis na páirteanna a cheangal dá chéile ag **B**.

______________________________________________ [1]

**(ii)** Is féidir go mbeidh modh leathbhuan fóirsteanach leis na páirteanna a cheangal dá chéile ag **B**. Mínigh cad chuige.

______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**11** Is é an fuinneamh atá stóráilte in aer comhbhrúite a bhíonn in úsáid ag córais neomatacha leis an obair a dhéanamh. Is féidir gluaiseacht a ghiniúint ach soláthar an aeir go dtí sorcóirí neomatacha a rialú. Cuir síos ar cad é mar a thógfá ciorcad neomatach agus ardán agus comhpháirteanna scoite in úsáid agat. Cuir síos sa fhreagra ar an dóigh a ndéanfar na comhpháirteanna a cheangal den ardán, an dóigh leis an phíobánra a cheangal agus an dóigh leis an chiorcad a thástáil. Déan tagairt chomh maith d'aon réamhchúraimí ar leith sábháilteachta ba chóir a ghlacadh sa phróiseas seo.

[10]

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.